SCÉIM DHEONTAS COTHABHÁLA TRÍÚ LEIBHÉAL D'OILIÚNAITHE, 2008

Coiste Gairmoideachais Chathair na Gaillimhe

Clásal 1: Mínithe

Sa scéim seo:

ciallaíonn **"cúrsa ceadaithe"** cúrsaí Meánleibhéil Teicneora (MLT) ina mbíonn cúrsaí bliana nó dhá bhliain go dtí cáilíocht ag Leibhéal 6 (Ard-Teastas) agus Cúrsaí Ardteicníochta agus Scileanna Gnó (ATSG) a mhaireann trí bliana agus/nó bliain 'cur leis' as a leanann cáilíocht Leibhéal 7 (Gnáthchéim Bhaitsiléara).

ciallaíonn **"iarrthóir"** duine ar ina leith atá deontas á lorg;

ciallaíonn **"iarrthóir seachas iarrthóir aibí"** gach iarrthóir, seachas iarrthóir aibí, atá cáilithe lena bhreithniú nó lena breithniú faoin scéim seo;

ciallaíonn **"iarrthóir aibí"** iarrthóir atá 23 bliana d'aois ar a laghad ar an 1 Eanáir den bhliain iontrála nó athiontrála do chúrsa cheadaithe;

ciallaíonn **"iarrthóir aibí i gcleithiúnas ar thuismitheoirí"** iarrthóir aibí a raibh gnáthchónaí air/uirthi lena t(h)uismitheoirí ón 1 Deireadh Fómhair; 2007;

ciallaíonn **"iarrthóir aibí neamhspleách"** iarrthóir aibí nach raibh gnáthchónaí air/uirthi lena t(h)uismitheoirí ón 1 Deireadh Fómhair, 2007;

ciallaíonn **"leanaí cleithiúnacha"** leanaí, lena n-áirítear leanaí altramais, de chuid tuismitheoirí nó caomhnóirí iarrthóra nó leanaí de chuid iarrthóra aibí neamhspleách, de réir mar a bheidh i gcás áirithe, a bhí, ar an 1 Deireadh Fómhair 2007,

(i) faoi bhun 16 bliana d'aois, nó

(ii) atá 16 bliana d'aois nó os a chionn, agus

(a) atá ag freastal ar chúrsa staidéir lánaimseartha in institiúid oideachais agus atá i gcleithiúnas ar a dtuismitheoirí, nó

(b) a bhfuil deimhniú liachta ann ina leith á rá go bhfuil siad neamhinniúil go buan ar obair a dhéanamh;

ciallaíonn **"gnáthchónaí"** seoladh buan nó gnáthsheoladh thuismitheoirí nó chaomhnóirí an iarrthóra ón 1 Deireadh Fómhair, 2007. I gcás iarrthóra aibí neamhspleách, ciallaíonn a ghnáthchónaí/gnáthchónaí gnáthsheoladh nó seoladh buan an iarrthóra aibí neamhspleách ón 1 Deireadh Fómhair, 2007.

ciallaíonn **“ioncam ináirithe”**-

(a) gach méid* a fhaigheann duine, nó atá infhaighte ag duine, gan spleáchas dá c(h)ónaí nó dá s(h)ainchónaí, ó fhoinsí Éireannacha agus ó fhoinsí coigríche araon, atá inchurtha faoi Cháin Ioncaim na hÉireann, faoi Cháin Ghnóchan Caipitiúil na hÉireann nó faoi Cháin Fháltas Caipitiúil na hÉireann, nó a bheadh inchurtha amhlaidh murach díolúintí agus faoisimh atá i reachtaíocht na hÉireann, agus

(b) méideanna comhfhreagracha a fhaigheann daoine, nó atá infhaighte ag daoine, a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile den A.E., atá inchurtha faoi Cháin Ioncaim, faoi Cháin Ghnóchan Caipitiúil, faoi Chánacha Oidhreachta nó Bronntanais an Stáit sin, nó a bheadh inchurtha amhlaidh murach díolúintí agus faoisimh atá i reachtaíocht an Stáit sin.

* Is ceart na hÍocaíochtaí Leasa Shóisialaigh agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte seo a leanas a eisiamh le linn ioncam ináirithe a ríomh:

- Sochar Linbh,
- Forlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh,
- Liúntas Míchumais (má íoctar leis an iarrthóir é),
- Pinsean Dall (má íoctar leis an iarrthóir é),
- Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora (a chuirtear faoi Thástáil Acmhainne),
- Pinsin Caomhnóra (Pinsean Dílleachta mar a bhí),
- Liúntas chun Filleadh ar Oideachas,
- Liúntas Cúraim Altrama,
- Liúntas Cúraim Baile, agus
- Liúntas Cúramóra;

[Nóta: Tá na ríomhaireachtaí sonracha do mhéid an ioncaim ináirithe faoi na ceannteidil éagsúla le fáil san fhoirm iarratais agus sna nótaí a ghabhann léi.]

ciallaíonn **“athiontráil”** iontráil mar iarrthóir aibí tar éis sos bliana amháin ar a laghad agus tar éis freastal, roimhe sin, ar chúrsa atá ceadaithe chun críocha na Scéime Deontas Cothabhála Tríú Leibhéal d’Oiliúnaithe;

ciallaíonn **“céile”** gach duine de lánúin phósta atá ag maireachtáil le chéile nó fear agus bean nach bhfuil pósta lena chéile ach atá ag maireachtáil i bhfochair a chéile mar fhear céile agus bean chéile;

ciallaíonn **“Coiste Gairmoideachais”** an Coiste Gairmoideachais a ainmnítear i bhfotheideal na scéime seo.

ciallaíonn **“muirear sheirbhísí mac léinn”** an muirear is iníoctha ag mic léinn a bhíonn ag freastal ar chúrsa ceadaithe lena mbaineann an Togra Tháillí in Aisce in ollscoil nó institiúid tríú leibhéal ceadaithe in Éirinn. Clúdaíonn an muirear seo táillí scrúdaithe, clárúchán agus seirbhísí mac léinn.

ciallaíonn **"turas allamuigh"** turas atá riachtanach agus ina chuid dhílis de chúrsa ceadaithe, atá ann do chúiseanna aimsiú fíricí nó taighde, agus nach féidir leis an mac léinn céim a bhaint amach nó dul ar aghaidh chuig an chéad bhliain eile den chúrsa dá éagmais.

CLÁSAL 2: DÁMHADH DEONTAS

2.1 Déanfaidh an Coiste Gairmoideachais deontais a dhámhadh d'iarrthóirí cailithe de réir théarmaí na scéime seo. Ní bheidh iarrthóir incháilithe deontas a shealbhú faoin scéim seo má bhíonn dámhachtain eile aige/aici atá iníoctha as cistí poiblí in Éirinn nó ó Bhallstáit eile an AE. Ní áirítear i ndámhachtainí den sórt sin atá iníoctha as cistí poiblí damhachtainí do mhic léinn faoin gCiste Cabhrach do Mhic Léinn, faoi Chiste Comhpháirtíochta na Mílaoise agus faoin gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas.

CLÁSAL 3: DAOINE LENA mBAINEANN AN SCÉIM SEO

3.1 Baineann an Scéim seo leo sin a dteastaíonn oideachas agus oiliúint thosaigh ardleibhéil uathu lena ndeiseanna fostaíochta a mhéadú ag teacht le tosaíochtaí fostaíochta rannógacha an Rialtais agus atá ag dul isteach i gcúrsaí Meánleibhéal Teicneora (MLT) nó Scileanna Ardteicníochta agus Gnó (SATG) don chéad uair i mbliain acadúil 2008/2009 nó iarrthóirí aibí a athiontrálann le cúrsa dá leithéid a chríochnú.

Bíonn iarrthóirí dícháilithe:
- má tá Céim Onórach Bhaitsléara nó cáilíocht chomhionann Leibhéal 8 acu;
- má chríochnaigh siad níos mó ná an chéad bhliain de chúrsa Céime Onóraí Baitsiléara nó de chúrsa comhionann Leibhéal 8
- má tá siad ag déanamh cúrsa Céime Onóraí Baitsiléara Leibhéal 8.

CLÁSÁIL 4: CATAGÓIRÍ IARRTHÓRA

4.1 Chun críocha na scéime seo beidh trí chatagóir iarrthóra ann mar seo a leanas:

(i) Iarrthóir Aibí i gCleithiúnas ar Thuismitheoirí
(ii) Iarrthóir Aibí Neamhspleách
(iii) Iarrthóir seachas Iarrthóir Aibí

CLÁSAL 5: CÁILITHEACHT IARRTHÓIRÍ

Chun a bheith cáilithe i gcomhair deontais faoin scéim seo caithfidh iarrthóir na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh maidir le cónaí, aois, cáilíochtaí acadúla, acmhainní agus náisiúntacht.

5.1. Cónaí

5.1.1 Ní mór gnáthchónaí a bheith ar thuismitheoirí nó ar chaomhnóirí an iarrthóra, nó, i gcás iarrthóra aibí neamhspleách, ar an iarrthóir féin, i limistéar riaracháin an Choiste Gairmoideachais ón 1 Deireadh Fómhair, 2007. Beidh rogha ag an **gCoiste Gairmoideachais** an ceanglas sin a tharscaoileadh in imthosca eisceachtúla.

5.1.2 Ní bheidh iarrthóir cáilithe cur isteach ar dheontas i limistéar riaracháin níos mó ná aon Choiste Gairmoideachais amháin.

5.2. Aois

Beidh iarrthóir 17 mbliana d'aois ar a laghad ar an 1 Eanáir, 2009.

5.3. Cáilíochtaí Acadúla

Meastar go mbeidh an coinníoll maidir le gnóthachtáil acadúil chun críocha na scéime seo comhlíonta ag aon iarrthóirí a gheobhaidh áit ar chúrsa ceadaithe.

5.4. Acmhainní

5.4.1 Le gur féidir deontas a dhámhadh i leith na bliana acadúla 2008/09, ní mór ioncam ináirithe a bheith i gcomhréir leis na teorainneacha ioncaim atá leagtha amach in Aguisín I. Cinnfidh an Coiste Gairmoideachais an t-ioncam ináirithe ar bhonn an eolais a sholáthraítear san Fhoirm Iarratais, faoi réir riachtanais an Leabhráin Nótaí a ghabhann leis. Is cuid den Scéim seo iad Foirm Iarratais agus Nótaí 2008/09.

5.4.2 Le gur féidir ráta speisialta den deontas cothabhála a dhámhadh maidir leis an mbliain acadúil 2008/09, ní mór ioncam ináirithe iarrthóra a bheith i gcomhréir leis na teorainneacha ioncaim atá leagtha amach in Aguisín III. Cinnfidh an Coiste Gairmoideachais an t-ioncam ináirithe ar bhonn an eolais a sholáthraítear san Fhoirm Iarratais.

5.4.3 I gcás iarrthóra seachas iarrthóir aibí neamhspleách, is é a bheidh in ioncam ináirithe an iarrthóra ná ioncam an iarrthóra agus ioncam thuismitheoirí nó chaomhnóirí an iarrthóra, ach amháin i gcás ina bhfuil tuismitheoirí an iarrthóra colscartha nó idirscartha go dleathach nó i gcás ina suífear chun sástacht an Choiste Gairmoideachais go bhfuil siad idirscartha, agus sa chás sin is é a bheidh in ioncam ináirithe an iarrthóra ná ioncam an iarrthóra agus ioncam an tuismitheora lena gcónaíonn an t-iarrthóir. [Nóta: Féach Roinn 7 sna Nótaí a ghabhann leis seo chun na critéir a fheiceáil a chuireann an Coiste Gairmoideachais i bhfeidhm le linn idirscaradh a shuíomh.]

5.4.4 I gcás iarrthóra aibí neamhspleách, is é a bheidh in ioncam ináirithe an iarrthóra ná ioncam an iarrthóra agus ioncam a c(h)éile, má bhaineann.

5.4.5 Beidh ioncam ináirithe iarrthóra amhail mar a bhí don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2007.

5.4.6 Le gur féidir ráta speisialta den deontas cothabhála a dhámhadh ní mór ceann de na híocaíochtaí atá liostaithe in Aguisín III a bheith san áireamh in ioncam ináirithe iarrthóra, amhail an 31ú Nollaig 2007.

5.5. Náisiúntacht

5.5.1 Beidh ar iarrthóirí:
- a bheith ina náisiúnaigh den Aontas Eorpach; nó

- Stádas Oifigiúil Dídeanaí a bheith acu; nó

- Cead Daonchairdis a bheith acu chun Fanacht sa Stát (roimh an Acht Inimirce 1999); nó

- cead a bheith acu ón Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí fanacht i ndiaidh cinneadh a bheith déanta gan ordú díbeartha a dhéanamh faoi Alt 3 den Acht Inimirce 1999; nó

- cead a bheith acu fanacht sa Stát de bhua pósta le náisiúnach de chuid na hÉireann atá ina chónaí nó ina cónaí sa Stát, nó a bheith ina leanbh le duine den sórt sin, nach bhfuil ina náisiúnach AE; nó

- cead a bheith acu fanacht sa Stát de bhua pósta le náisiúnach Bhallstát eile den Aontas Eorpach atá ina chónaí nó ina cónaí sa Stát agus atá nó a bhí fostaithe, nó féin-fhostaithe, sa Stát, nó a bheith ina leanbh le duine den sórt sin, nach bhfuil ina náisiúnach AE; nó

- a bheith ina náisiúnaigh de bhalltír laistigh den Limistéar Eacnamaíochta Eorpach (EEA) (féach Aguisín V) nó den Eilbhéis.

CLÁSAL 6: LUACH DEONTAS

6.1 Beidh luach deontas de réir na rátaí bliantúla a shonróidh an tAire Oideachais agus Eolaíochta. Tá na rátaí atá sonraithe amhlaidh don bhliain acadúil 2008/09 leagtha amach in Aguisín II.

6.2 Beidh luach rátaí speisialta den deontas cothabhála de réir na rátaí bliantúla a shonróidh an tAire Oideachais agus Eolaíochta. Tá na rátaí atá sonraithe amhlaidh don bhliain acadúil 2008/09 leagtha amach in Aguisín IV.

Deontais Chothabhála

6.2.1 Beidh deontais chothabhála iomlána agus pháirteacha iníoctha de réir rátaí tadhlacha nó neamhthadhlacha. Déanfaidh an **Coiste Gairmoideachais** an ráta is infheidhme i ngach cás ar leith a chinneadh de réir mhíreanna 6.2.3 go 6.2.6 anseo thíos.

6.2.2. Beidh rátaí speisialta den deontas cothabhála iníoctha de réir rátaí tadhlacha nó neamhthadhlacha. Déanfaidh an Coiste Gairmoideachais an ráta is infheidhme i ngach cás ar leith a chinneadh de réir mhíreanna 6.2.3. go 6.2.6. anseo thíos.

6.2.3 Seachas i gcás mac léinn aibí, beidh an ráta tadhlach deontais cothabhála iníoctha i gcás sealbhóra deontais a bhfuil a g(h)náthchónaí 24 ciliméadar nó níos lú ón gcoláiste a bhfuil sé/sí ag freastal air.

6.2.4 Beidh an ráta neamhthadhlach deontais cothabhála iníoctha i ngach cás eile, lena n-áirítear i gcás gach mac léinn aibí a cháilíonn, arna measúnú mar chleithiúnach nó mar iarrthóir aibí neamhspleách.

6.2.5. I gcás deontas cothabhála a bheith iníoctha de réir Chlásal 7.2 (i leith staidéir éigeantaigh thar lear) beidh an ráta neamhthadhlach deontais cothabhála iníoctha fad a bheidh an sealbhóir deontais ag staidéar thar lear.

6.2.6. Is féidir go n-íocfar a dteidlíocht deontais ar an ngnáthmhodh do shealbhóirí deontais a chaitheann a bheith rannpháirteach i socrúchán eis-champais mar chuid lánpháirteach dá gcúrsa. Nuair a éilíonn an Coláiste ar shealbhóir deontais a fhaigheann ráta tadhlach deontais athlonnú óna c(h)ónaí le tabhairt faoi shocrúchán nach lú ná téarma/seimistéar acadúil amháin, is féidir an ráta neamh-thadhlach deontais a íoc do thréimhse socrúcháin den sórt sin.

6.3 <u>Turais Allamuigh</u>

6.3.1 Is féidir turais éigeantacha allamuigh a mhaoiniú do shealbhóirí deontas inteidil ar an gcoinníoll nach sáraíonn an táille theagaisc, muirear sheirbhísí mac léinn agus costas na dturas allamuigh an uasteorainn táille.

CLÁSAL 7: SEALBHÚ DEONTAS

7.1 Ní fhéadtar deontais a dhámhtar faoin Scéim seo a shealbhú ach i leith freastal ar chúrsaí ceadaithe, in institiúidí ceadaithe.

7.2 I gcás ina mbíonn ar shealbhóirí deontas, mar chuid dá gcúrsa ceadaithe, freastal ar chúrsaí ollscoile coigríche ar feadh tréimhse suas go bliain amháin, féadtar leanúint de dheontas cothábhala a íoc i gcás nach ndéanann an tréimhse thar lear difear do ghnáthré an chúrsa ceadaithe.

CLÁSAL 8: GLACADH LE DEONTAIS

8.1. I gcás ina dtairgfidh an Coiste Gairmoideachais deontas d'iarrthóir faoin Scéim seo déanfaidh an t-iarrthóir, laistigh de chibé tréimhse tar éis an tairiscint a fháil a shonróidh an Coiste Gairmoideachais, daingniú a thabhairt don Choiste Gairmoideachais maidir le teideal an chúrsa a bheartaíonn sé/sí a dhéanamh.

8.2. I gcás ina dtairgfear deontas d'iarrthóir ach nach ndéanfaidh sé/sí cúrsa ceadaithe sa bhliain acadúil 2008/09 measfar tairiscint an deontais a bheith ar ceal.

CLÁSÁIL 9: LEANÚINT LE DEONTAS

9.1. Déanfar deontas a dhámhtar faoin Scéim seo a dhámhadh ar bhonn sealadach don bhliain acadúil 2008/09 agus ní leanfar de in aon bhliain acadúil ina dhiaidh sin mura bhfuil an Coiste Gairmoideachais sásta go bhfuil forálacha na Scéime seo á gcomhlíonadh go hiomlán i gcónaí.

9.2. Féadtar deontas a shealbhú ar feadh ghnáthré an chúrsa cheadaithe agus féadtar é a athnuachan go bliantúil ach sin faoi réir torthaí sásúla a bhaint amach agus ceadú an Choiste Ghairmoideachais. Seachas na forálacha speisialta d'fhorchéimniú i gClásail 9.4 agus 9.5, ní íocfar deontais le hiarrthóirí a d'fhreastail ar chúrsa roimhe sin a bhí ceadaithe chun críocha na Scéime seo, is cuma ar íocadh deontas nó nár íocadh roimhe sin. Ní íocfar deontais i leith athbhliana staidéir ar an gcúrsa céanna, is cuma ar íocadh deontas nó nár íocadh roimhe sin. Beidh sé de rogha ag Coiste Gairmoideachais an fhoráil seo a tharscaoileadh i gcúinsí eisceachtúla, ar nós cásanna de bhreoiteacht throm deimhnithe.

9.3. Más mian le sealbhóir deontais cúrsa nó dámh a athrú ní mór dó/di réamhchead a fháil ón gCoiste Gairmoideachais ionas go gcinnteofar go gcloífear le forálacha leanúnachais na scéime seo.

9.4 Níl sealbhóir deontais a chríochnaigh cúrsa dhá bhlian Meánleibhéil Teicneora (MLT) i dteideal deontais i leith cúrsa eile dhá bhliain M.L.T. ná cúrsa trí bliana Scileanna Ardteicneolaíochta/Gnó (SATG), is cuma ar íocadh deontas nó nár íocadh roimhe sin, ach is féidir leis/léi a bheith i dteideal deontais i leith an tríú bliain "breise" ar chúrsa ábharthach Dioplóma (SATG).

9.5 Is féidir le sealbhóir deontais, go ginearálta, maoiniú a fháil do thréimhse ceadaithe cúrsa cúnta Oiliúna Tríú Leibhéal, agus dó sin amháin. Faoi réir tréimhse uasta de cheithre bliana ar an iomlán, áfach, is féidir maoiniú a shíneadh:

(a) nuair is mian le sealbhóir deontas, tar éis pas nó teip a fháil i gcéadbhliain an chúrsa nó murar chríochnaigh sé/sí an bhliain sin, aistriú go cúrsa difriúil. Bíonn sealbhóir deontais den sórt sin i dteideal deontais i leith ghnáth-thréimhse freastail ar an gcúrsa nua.

(b) nuair a dámhadh deontas ar shealbhóir deontais i leith cúrsa aonbhliana. Is féidir sealbhóir deontais den sórt sin a mheas do dhámhadh deontais do dhá nó trí bliana ina dhiaidh sin ar chúrsa a bhaineann le MLT nó SATG.

(c) nuair a fhaigheann sealbhóir deontais, de thairbhe dhá bhliain de chúrsa M.L.T. a bheith críochnaithe go sásúil aige/aici, iontráil trí dhíolúine ar bhliain a dó de chúrsa a bhaineann do hindíreach le SATG. Is féidir sealbhóir deontais den sórt sin a mheas a bheith incháilithe do dheontas i leith fhreastal ar chúrsa nua faoi réir mhaoiniú do dhá bhliain breise ar a mhéid.

9.6 Is féidir, áfach, leanúint de dheontas ar feadh uasthréimhse de thrí bliana ar chúrsa M.L.T. nó SATG do shealbhóir deontais nach bhfuil níos mó ná an chéad bhliain de chúrsa Céime Onóraí Baitsiléara nó de chúrsa comhionann Leibhéal 8 críochnaithe aige/aici. Ní bhíonn daoine den sórt sin i gcáilitheacht teacht ar dhíolúintí ag Clásáil 9.5 (a), (b) agus (c).

CLÁSAL 10: ATHRÚ AR CHÚINSÍ

10.1. Más rud é go dtagann athrú ar chúinsí maidir leis na nithe seo a leanas féadfaidh an Coiste Gairmoideachais measúnú nó athmheasúnú a dhéanamh ar cháilitheacht duine lena mbaineann an Scéim seo i dtaca le dámhadh an deontais nó i dtaca le leibhéal an deontais a dámhadh:

(a) ioncam ináirithe an iarrthóra, de réir bhrí Chlásal 5.4, ar dóigh dó a bheith buan (i.e. is dócha a fháil do thréimhse an chúrsa cheadaithe nó do na blianta beag**a** amach anseo),

(b) an líon leanaí cleithiúnacha;

(c) an líon leanaí

(i) atá ag fáil oideachas lánaimseartha;
(ii) atá ag freastal ar chúrsa aitheanta PLC, ar chúrsa oiliúna altraí nó ar chúrsa oiliúna Gardaí;
(iii) atá páirteach i gcúrsa Fáilte Ireland (CERT mar a bhí) atá bliain amháin ar a laghad ar fhad;
(iv) atá ag freastal ar chúrsa lánaimseartha de chuid Teagasc i gColáiste Talmhaíochta;
(v) atá ag freastal ar chúrsa oideachais bhreise lánaimseartha, atá bliain amháin ar a laghad ar fhad, i dTuaisceart Éireann;

(d) gnáthchónaí;

(e) Náisiúntacht, nuair a déantar Náisiúnach de chuid na hÉireann nó náisiúnach de Bhallstát eile de chuid an AE den iarrthóir.

10.2. Is iad na teorainneacha ioncaim is infheidhme faoin Scéim seo i gcásanna faoi Chlásal 10.1(a) nó (b) nó (c) thuas ná na teorainneacha don scéim don bhliain ina dtarlaíonn an t-athrú ar chúinsí.

10.3 Nuair a tharlaíonn athrú dochrach in ioncam ináirithe déanfar dámhachtainí nó coigeartuithe i gcásanna a mheasúnaítear faoin gClásal seo le héifeacht ón téarma coláiste ina dtarlaíonn an t-athrú ar chúinsí.

10.4 Nuair a tharlaíonn athrú deimhneach san ioncam ináirithe i rith na bliana acadúla, leanfar d'íoc aon deontas bronnta go dtí deireadh na bliana acadúla sin. Déanfar sealbhóirí deontais den sórt sin, áfach, a athmheas sula ndéanfar an deontas a

athnuachan don bhliain acadúil dar gcionn.

10.5 Is é méid an deontais a íocfar maidir le téarma coláiste ná aon-tríú den ráta bliaintúil.

CLÁSAL 11: DEONTAS A ÍOC

11.1. Déanfaidh údaráis an Choláiste an deontas a íoc i dtráthchoda míosúla i riaráistí thar thréimhse 36 seachtaine, agus is féidir an deontas a athnuachan, faoi réir fheidhmíocht rathúil sna scrúduithe ábharthacha do 36 seachtaine breise nó do dhá thréimhse 36 seachtaine i gcás sealbhóirí deontais i ndiaidh cláir dhá bhliain nó trí bliana faoi seach.

11.2. Nuair nach bhfuil iarrthóir incháilithe fain scéim seo faoi réir na dteorainneacha ioncaim forordaithe, is féidir go mbeidh sé/sí incháilithe iarrats a dhéanamh ar dheontas do tháillí amháin maidir leis a muirear do sheirbhísí mac léinn. I gcásanna mar seo, féadfaidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, thar ceann an iarrthóra, suim suas go **€900** a íoc leis an gColáiste i leith na muirear do sheirbhísí mac léinn, sa chás go mbíonn ioncam ináirithe laistigh de na teorainneacha forordaithe ioncaim do dheontas táillí amháin mar atá leagtha amach in Aguisín I.

CLÁSAL 12: IARRATAIS AR DHEONTAIS

12.1 Déanfar iarratais ar dheontais ar an bhfoirm iarratais oifigiúil* atá ar fáil ón gCoiste Gairmoideachais. Ní mór an fhoirm sin, arna comhlánú go cuí, a bheith faighte ag an gCoiste Gairmoideachais tráth nach déanaí ná **29 Lúnasa, 2008.** Féadfaidh an Coiste, áfach, glacadh le hiarratas nach bhfaighfear in am agus féadfaidh sé, dá lánrogha féin, déileáil le hiarratas den sórt sin amhail is dá mbeadh sé faighte in am.
*Is cuid den Scéim seo iad Foirm Iarratais agus Nótaí 2008/09.

12.2. Maidir le haon iarrthóir a measfar a (h)iarratas a bheith déanach, féadfar a (h)iarratas a phróiseáil agus féadfar deontas a dhámhadh dó/di ó thosach na céad bliana eile dá c(h)úrsa.

12.3. Beidh an méid seo a leanas ina choinníoll maidir le glacadh le hiarratas faoin Scéim seo, go ndéanfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí iarrthóra nó, i gcás iarrthóra aibí neamhspleách, go ndéanfaidh an t-iarrthóir féin nó a c(h)éile, más infheidhme, i ndáil le próiseáil an iarratais, a údarú

(i) don Choiste Gairmoideachais agus don Roinn Oideachais agus Eolaíochta, cúnamh na gCoimisinéirí Ioncaim a lorg agus aon eolas agus doiciméid iomchuí a thabhairt dóibh;

(ii) do na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh aon eolas nó doiciméid iomchuí as a dtaifid a thabhairt don Údarás Áitiúil agus don Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus aon fhiosrúcháin a dhéanamh agus aon doiciméid a lorg a mheasann siad a bheith riachtanach chun a chumasú dóibh cabhrú leis an gCoiste Gairmoideachais agus leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta;

(iii) don Choiste Gairmoideachais an fhoirm iarratais a aistriú chuig an Údarás Áitiúil iomchuí nó chuig Coiste Gairmoideachais eile más gá sin a dhéanamh.

(iv) don Choiste Gairmoideachais/don Roinn Oideachais agus Eolaíochta faisnéis a aistriú ón iarratas deontais go dtí bunachar sonraí lárnach a bhféadfaidh rochtain a bheith ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh air.

CLÁSAL 13: EOLAS A NOCHTADH

13.1 Féadfar sonraí faoi mhéid deontais is iníoctha faoin Scéim seo i leith sealbhóra deontais a chur ar fáil do Ranna/d'Oifigí eile Rialtais agus do ghníomhaireachtaí seirbhíse poiblí ach na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, a chomhlíonadh. Iarrtar ar Choistí Gairmoideachais a chinntiú go mbíonn Oifigigh Choistí Gairmoideachais, Comhaltaí Coiste agus na Comhaltaí Ábharthacha Seachtracha ar an eolas nach féidir aon sonraí maidir le hiarratais deontais mac léinn a fhoilsiú agus go bhfuil sonraí i seilbh an Choiste Gairmoideachais maidir le mic léinn aonair faoi réir théarmaí na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.

CLÁSAL 14: IONCAM AGUS EOLAS EILE A DHEARBHÚ

14.1 Déanfaidh an t-iarrthóir agus tuismitheoirí nó caomhnóirí an iarrthóra nó, i gcás iarrthóra aibí neamhspleách, déanfaidh an t-iarrthóir agus céile an iarrthóra, más infheidhme, dearbhú maidir le hioncamináirithe agus déanfaidh siad cibé eolas agus doiciméid a chur faoi bhráid an Choiste Gairmoideachais de réir mar a theastóidh ón gCoiste chun an t-iarratas a phróiseáil go hiomlán. Tá freagracht ar na hiarrthóirí a chinntiú go bhfuil an ráiteas ar ioncam agus na sonraí eile a lorgtar iomlán agus críochnúil ar gach slí. **Más rud é gurb é is cúis le mainneachtain de chuid an iarrthóra an t-eolas iomlán críochnúil sin a thabhairt ná eolas a bheith fágtha ar lá d'aon turas nó míchruinneas réamhbheartaithe, dlífear an t-iarrthóir/na hiarrthóirí a ionchúiseamh, dlífidh sé/sí an deontas a chailliúint agus dlífidh sé/sí aon chuid de dheontas a bheidh faighte cheana a aisíoc, mar aon le hús.**

CLÁSAL 15: DÍOSPÓIDÍ A CHINNEADH

15.1 I gcás go ndiúltaíonn Coiste Gairmoideachais deontas a dhámhadh ar an iarrthóir faoin Scéim seo, is féidir leis nó léi achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh seo chuig an gCoiste Gairmoideachais sin. Sa chás, tar éis an nós imeachta achomhairc seo a bheith ídithe, go mbíonn an t-iarratasóir den tuairim go bhfuil an Scéim seo léirithe nó forléirithe mícheart ag an gCoiste Gairmoideachais, féadfaidh sé nó sí a cheist/ceist nó a dhíospóid/díospóid maidir leis an léiriú nó an forléiriú sin a chur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta, ag a mbeidh an cinneadh críochnaitheach ar an gceist nó an díospóid sin.

AGUISÍN I

SCÉIM DHEONTAS ARDOIDEACHAIS D'OILIÚNAITHE, 2008

Teorainneacha Ioncaim Ináirithe do ghnáth-rátaí deontais+
don tréimhse 1 Eanáir 2007 go 31 Nollaig 2007 (an bhliain chánach 2007)

An Líon Leanaí Cleithiúnacha	**Cothabháil iomlán**	**Cothabháil pháirteach (75%)**	**Cothabháil pháirteach (50%)**	**Cothabháil pháirteach (25%)**	**Táillí iomlána amháin (Muirir do Sheirbhísí Mac Léinn, Clárú agus Scrúduithe)**
Níos lú ná 4	€39,760	€42,235	€44,720	€47,205	€49,690
4 – 7	€43,680	€46,415	€49,145	€51,880	€54,605
8 nó níos mó	€47,430	€50,400	€53,360	€56,320	€59,280

+ Sa bhliain acadúil 2008/2009, i gcás ina mbeidh 2 leanbh nó níos mó (nó tuismitheoir an iarrthóra) ag déanamh cúrsa staidéir atá liostaithe anseo thíos féadfar na teorainneacha ioncaim ináirithe a mhéadú €4,815 más rud é go bhfuil 2 leanbh den sórt sin ann, €9,630 más rúd é go bhfuil 3 leanbh den sórt sin ann agus mar sin de, de réir breisithe €4,815:-

(i) ag freastal ar chúrsa oideachais lánaimseartha tríú leibhéal
(ii) ag freastal ar chúrsa aitheanta PLC, ar chúrsa oiliúna altraí nó ar chúrsa oiliúna Gardaí
(iii) páirteach i gcúrsa Fháilte Ireland (CERT mar a bhí) a mhaireann bliain amháin ar a laghad ar fhad
(iv) ag freastal ar chúrsa lánaimseartha de chuid Teagasc i gColáiste Talmhaíochta
(v) ag freastal ar chúrsa lánaimseartha oideachais bhreise, a mhaireann bliain amháin ar a laghad ar fhad, i dTuaisceart Éireann.

AGUISÍN II

RÁTAÍ NA NDEONTAS COTHABHÁLA DO GACH SEALBHÓIR DEONTAIS I LEITH BHLIAIN ACADÚIL 2008/09

	Ráta Neamhthadhlach	**Ráta Tadhlach**
Cothabháil Iomlán	€3,420	€1,370
Cothabháil Pháirteach (75%)	€2,565	€1,030
Cothabháil Pháirteach (50%)	€1,710	€ 685
Cothabháil Pháirteach (25%)	€ 855	€ 345

AGUISÍN III

RÁTA SPEISIALTA DE DHEONTAS COTHABHÁLA

Le gur féidir ráta speisialta den deontas cothabhála a dhámhadh maidir leis an mbliain acadúil 2008/09, ní rachaidh ioncam ináirithe iarrthóra (don tréimhse 1 Eanáir, 2007 go dtí 31 Nollaig 2007, bliain chánach 2007) thar: -

- **€20,147**

⇨ glan ar eisiaimh chaighdeánacha (de réir mar atá leagtha amach i gClásal 1 den Scéim seo)

agus

⇨ glan ar Ardú Cleithiúnach Linbh (C.D.I.) a íocann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Ón 31 Nollaig 2007, <u>ní mór</u> don ioncam ináirithe seo ceann de na híocaíochtaí leasa shóisialaigh liostáilte thíos a bheith san áireamh leis.

LIOSTA D'ÍOCAÍOCHTAÍ INGHLACTHA

1. ÍOCAÍOCHTAÍ CÚNAIMH SÓISIALTA

Ainm Nua	Sean-Ainm
Pinsean Dall	
Liúntas Cúramóra	
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora	Liúntas Banchéile Tréigthe Liúntas Tuismitheora Aonair Liúntas Chéile Príosúnaigh
Liúntas Míchumais	
Cúnamh Feirme	
Liúntas Iarrthóra Poist (arna shealbhú le 391 lá nó níos mó)	Cúnamh Dífhostaíochta
Pinsean Stáit (Neamhranníocach)	Pinsean Seanaoise (Neamhranníocach)
Íocaíocht Chaomhnóra (Neamhranníocach)	Pinsean Dílleachta (Neamhranníocach)
Liúntas Réamhscoir	
Pinsean Baintrí/Baintrí Fir Neamhranníocach	

2. ÍOCAÍOCHTAÍ ÁRACHAIS SHÓISIALTA

Ainm Nua	Sean-Ainm
Sochar Cúramóra	
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora	Sochar Banchéile Tréigthe
Pinsean Easláine	
Forlíonadh Éagumais	Forlíonadh Dífhostaíochta
Sochar Báis Dhíobhálacha Ceirde (Pinsean Dílleachta)	
Sochar Báis Dhíobhálacha Ceirde (Pinsean Baintrí/Baintrí Fir)	
Pinsean Stáit Ranníocach	Pinsean Seanaoise Ranníocach
Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)	Liúntas Dílleachta (Ranníocach)
Sochar Iarrthóra Poirt (leanúnach ar feadh ar a laghad 12 mí)	Sochar Dífhostaíochta
Pinsean Baintrí/Baintrí Fir (Ranníocach)	
Pinsean Stáit (Aistriú)	Pinsean Scoir

3. FORLÍONADH IONCAIM TEAGHLAIGH (FIS)

4. CLÁIR AINMNITHE

Liúntas chun Filleadh ar Oideachas (Rogha dara agus tríú leibhéil)
Liúntas chun Filleadh ar Obair (Fostaithe)
Liúntas Fiontraíochta chun Filleadh ar Obair
Scéim Fostaíochta Pobail
Scéim Sóisialta Tuaithe
Cláir Oiliúna FÁS lena n-áirítear Príntíseachtaí
Scéim Dhreasachta Phost Pháirtaimseartha
Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)

5. EILE

(a) Ag fáil íocaíochtaí faoin gClár Scileanna Fháilte Ireland atá comhionann le híocaíocht leasa shóisialaigh;
(b) Ag fáil íocaíochtaí faoi Thionscnamh FIT (Fastrack to IT) atá comhionann le híocaíocht leasa shóisialaigh;
(c) Rannpháirtithe atá ag glacadh páirt i gcúrsa oiliúna atá ceadaithe ag Roinn Rialtais, Gníomhaireacht Stáit nó ag Comhpháirtíocht Ceantair agus a bhí ag fáil íocaíochta incháilithe sula ndeachaidh siad ar aghaidh chuig an gclár;
(d) Fostaithe atá ag fáil cúnamh deontais i bhfiontraíocht eacnamaíochta sóisialta;
(e) Ag fáil íocaíochtaí faoi na cláir Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach.

AGUISÍN IV

RÁTAÍ SPEISIALTA DEONTAIS CHOTHABHÁLA DO 2008/09

Deontas	**Deontas Caighdeánach**	**Méid Breise**	**Deontas Iomlán**
Ráta Neamhthadhlach	€3,420	€3,270	**€6,690**
Ráta Tadhlach	€1,370	€1,310	**€2,680**

AGUISÍN V

Tíortha AE/LEE

	Tír AE	Tír LEE
An Ostair	✓	✓
An Bheilg	✓	✓
An Bhulgáir	✓	✓
An Chipir	✓	✓
Poblacht na Seice	✓	✓
An Danmhairg	✓	✓
An Eastóin	✓	✓
An Fhionlainn	✓	✓
An Fhrainc	✓	✓
An Ghearmáin	✓	✓
An Ghréig	✓	✓
An Ungáir	✓	✓
An Íoslainn	×	✓
Éire	✓	✓
An Iodáil	✓	✓
An Laitvia	✓	✓
Lichtinstéin	×	✓
An Liotuáin	✓	✓
Lucsamburg	✓	✓
Málta	✓	✓
An Ísiltír	✓	✓
An Iorua	×	✓
An Pholainn	✓	✓
An Phortaingéil	✓	✓
An Rómáin	✓	✓
An tSlóvaic	✓	✓
An tSlóivéin	✓	✓
An Spáinn	✓	✓
An tSualainn	✓	✓
An Ríocht Aontaithe	✓	✓